



Muintearas Teo.



CAD ATÁ TAOBH
ISTIGH DEN EAGRÁN
SEO:

- Nua ó Mhuintearas - 2
- An Chlúid - 3
- Náiolann na nOiléan - 4
- Seoladh gteic - 5
- Ár dtograí idirnáisiúnta - 6
- Óige na Gaeltachta - 7
- Óige na Gaetachta - Ár
Tionscnaimh - 8
- Tuilleadh ó Mhuintearas - 9
- Píosa Staire - 10
- Foclóir Farraise &
seanfocal na míosa - 11
- Cúinne na bpáistí - 12

Focal ón bPríomhfheidhmeannach

Seán Ó Coistealbha

Athbhliain faoi mhaise daoibh go léir. Ó bunaíodh muid i 1980, bhíomar bródúil as a bheith mar chuid d'fhorbairt, oiliúint agus oideachas óige, cúram leanaí, cúrsaí agus oiliúint a sholáthar don phobal. Ba mhaith linn an deis seo a úsáid chun go leor gnéithe eile de Muintearas a chur chun cinn. Tabharfaidh an nuachtlitir seo mionsonraí ar na tionscadail agus seirbhísí a sholáthraíonn muidne, seirbhísí a sholáthraímid do chách. Bhí iris againn uair amháin, agus ba mhaith linn arís foilsiú don phobal, go háirithe in amanna ina mbíonn scaradh sóisialta i bhfeidhm, is bealach iontach é seo chun cumarsáid a dhéanamh go sábháilte leis an bpobal. Beidh muid ag cuir Síle, Marian, Caitlín, Dónal agus foireann iomlán Mhuintearais Thír Chonaill, mar aon lena gcuid oibre, in aithne dhaoibh sa gcéad eagrán eile. Bain taitneamh as.

NUA Ó MHUINTEARAS

FÉILIRE 2020

Tá féilire nua 2022 ar fáil i Muintearas agus i siopaí áitiúla anois. Tá sé lán le seanghrianghraif de mhic léinn, imeachtaí agus ócáidí na hÉireann, agus go leor eile.



ÉADÁIL NA MARA

Tá Muintearas bródúil as an leabhar nua *Éadáil na Mara* a fhógairt. Tá sé ar fáil i bhformáid chlóite nó go leictreonach, agus foilseofar é go luath in 2022.

ÉADÁIL NA MARA

MUINTEARAS TEORANTA

An Chlúid



Is áit iontach é an Chlúid le theacht agus greim a fháil le hithe don bhricefeasta nó don lón. Cuireann siad réimse leathan bia ar fáil ar nós bricefeasta, ceapairí, fillteoga, rósta an lae, sicín supreme agus neart eile. Tá an Chlúid oscailte ó Luan go Aoine, 9:30r.n.-2:30i.n. Cliceáil [anseo](#) chun an biachlár a fheiceáil. Glaoigh ar an uimhir 091- 519532 nó 091- 551145 roimh ré chun ordú a chur isteach. Beidh An Chlúid ag cur rogha béilte den scoth ar fáil le seoladh chugaibh sna tithe idir 12 meán lae agus an 2 i.n., agus le piocadh suas ón gClúid ó 9.30r.n. go dtí 2.30i.n. ó Luan go hAoine.



Naíolann na nOileán

Seirbhís Chúram leanaí den scoth atá suite i gcroílár na Gaeltachta

MONTESSORI

Is éard atá i gceist le Montessori ná córas áirithe oideachais do leanaí óga a dhíríonn ar na cumais nádúrtha atá ag na gasúir féin seachas a bheith ag baint úsáid as modhanna foirmiúla teagaisc. Tá an crèche Montessori oscailte ó Dé Luain go dtí hAoine ó 9:00r.n.- 12i.n. Chun tuilleadh eolais a fháil glaoigh ar 091-551599 nó seol téacs chuig – 0873214433.



CÚRAM IARSCOILE

Is seirbhís iarscoile é seo do leanaí, baineann siad taitneamh anseo as cluichí, ceol, damhsa agus freastal ar thurais. Uaireanta Oscailte Iarscoile (Tír an Fhia) - 1:30i.n - 5:30i.n - Luan go Aoine - 38 Seachtain. Iarscoil (Trá Bháin) - 2:00i.n - 5:00i.n - Luan go Aoine - Tosnú 17ú Eanáir 2022. Chun tuilleadh eolais a fháil glaoigh ar 091- 551599 nó seol téacs chuig – 0873214433.

AN NAÍOLANN

Tá an Naíolann oscailte ó Luain go dtí hAoine ó 8:00r.n.- 5:30i.n. - 50 Seachtaine. Seirbhís ar fáil - Seirbhís Lae Iomlán / Seirbhís Leath Lae / Seirbhís Seisiún Gairid / Seirbhís Leath Seisiún Gairid. Chun tuilleadh eolais a fháil glaoigh ar 091-551599 nó seol téacs chuig – 0873214433.





GTEIC@CEANTAR NA NOILEÁN

Táimid bródúil a fhógairt go bhfuil ár gteic oscailte anois. Is mol nuálaíochta & digiteach nua-aimseartha é seo. Tá gteic@CEANTAR NA NOILEÁN mar chuid de ghréasán de mhoil dhigiteacha atá á fhorbairt ag Údarás na Gaeltachta ar fud na Gaeltachta. Tá spásanna comhoibrithe roinnte againn inár gteic le rochtain Wifi ardluais, oscailte 24/7, agus an caife An Chlúid oscailte ó 9:30r.n.- 2:30i.n. béaldorais. Chun tuilleadh eolais a fháil, nó spás a fháil ar cíós, glaoigh ar 091-551145, nó seol ríomhphost chuig ceantarnanoilean@gteic.ie.



RÓSMÁIRE NÍ CHRUALAOI, AR CHÚL, LE MARY UÍ CHADHAIN, ÚDARÁS NA GAELTACHTA, AG SEOLADH AN GTEIC



ANNA NÍ GHALLACHAIR, CATHAOIRLEACH ÚDARÁS NA GAELTACHTA, AG AN SEOLADH GTEIC

ÁR dTOGRAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá Muintearas páirteach i dTograí Eorpacha le Ulrike Kurth agus scoláirí i gColáiste Westfalen (Coláiste breisoideachais) le ós cionn scór blianta anois. Téann grúpaí anonn chuig na Gearmáine cúpla uair sa bhliain chun oibriú ar thograí éagsúla agus go minic bíonn grúpaí óige ag taisteal chomh maith ag ceol, amhránaíocht nó ag damhsa. I mbliana, 2022, beidh Muintearas ag cur fáilte go Conamara roimh an ghrúpa seo ina mbeidh dream as tíortha mar an Ghearmáin, an Bheilg, an tSualainn, an Fhionlainn, an tSlóvaic, an Liotuáin, an Laitvia, an Eastóin, an Rúis agus roinnt tíortha eile. Ag an am seo tá Muintearas ag tabhairt faoi trí thogra leis an ngrúpa seo, a bhaineann le hoideachas, ceol, ealaín, oidhreacht agus cultúr.





ÓIGE NA GAELTACHTA

CLICEÁIL
ANSEO CHUN
 CUAIRT A
 THABHAIRT
 AR ÁR
 LEATHANACH
 GRÉASÁIN
 NUA



Bhronn Vivienne Ní Niaidh, Oifigeach Forbartha Óige le Muintearas dearbháin de luach 75 euro an duine ar Shíofra Ní Scanláin, Clíona Ní Mhárta, Katie Ní Thabhais, Megan Hamel, Gráinne Nic Eochagáin agus Amy Cusdin Nic Dhonncha as an idirbhliain inné. Ghlac na cailíní páirt san tionscadal 'Togra Ceoil' maoinithe ag Comhairle Éireann na nÓg. D'oibrigh siad ar an amhrán traidisiúnta Éireannach Óró Sé do Bheatha Bhaile agus bhí orthu a leagan féin a dhéanamh de. Is í an t-amhránaí áitiúil agus iar-scoláire linn Caroline Ní Chonaire a d'oibrigh leis na cailíní.



Roimh na Nollag thug Club Óige Lurgan cuairt ar an Taibhdhearc, chun an panto Jeaicí agus an Fathach Mór Dána a fheiceáil



Club Óige Chois na hAbhann, cheannaigh an coiste leath zip do bhaill an chlub óige



ÓIGE NA GAELTACHTA - ÁR TIONSCNAIMH

In 2021 sheolamar tionscnamh píolótach, áit a ndeachaigh muid i gcomhar le OPT Chonamara Láir chun oibrí óige a fhostú i gceantar an Chaisil ar feadh 6 huaire sa tseachtain chun gníomhaíochtaí óige a reáchtáil agus club óige a bhunú sa cheantar, agus ag an am céanna, úsáid na Gaeilge a spreagadh.

Nuair a bhí sé seo ar bun agus nuair a chonaiceamar go raibh sé rathúil, bheartaíomar an tionscadal a oscailt suas agus é a chur i bhfeidhm i réimsí eile i Maigh Cuilinn, Tuar Mhic Éadaigh, Chois Fharraige, an tSuláin Muscraí & ceantar na Sceilige i gcomhar le ceantair Ipt eile.

Tá ag éirí go han-mhaith leis an tionscadal agus ba bhreá linn é a thabhairt chuig ceantair eile-

Bunchlub An Chaisil, Caiseal, Co.na Gaillimhe : OPT Chonamara Láir - Elaine Ní Niaidh - elaineniniaidh@muintearas.com

Club déagóirí Lurgan, ceantar Chois Fharraige Co.na Gaillimhe: OPT Chois Fharraige - Siobhán Ní Mhárta - siobhannimharta@gmail.com

Bunchlub & Club déagóirí Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe: OPT Mhaigh Cuilinn- Post le líonadh fós: gaelgemhaighcuilinn@gmail.com

Árainn Mhóir, Dún na nGall: Tá an tionscadal seo fós ar bun agus táimid ag tabhairt na giotaí deireanacha chun críche.

Bunchlub Tuar Mhic Éadaigh, Tuar Mhic Éadaigh, Co. Maigh Eo: Gaeilge Dhúiche Sheoigheach & Thuar Mhic Éadaigh - Honoria Ní Mháille - honoriamalley@gmail.com

Bunchlub & Club déagóirí An tSuláin, Baile Mhuirne Co.Chorcaí: OPT Muscraí - Marc Ó Lionsigh - lynch748@gmail.com

Bunchlub na Sceilige & Bunchlub na Dromaide, Cill Airne, Co Chiarraí: OPT Chiarraí Theas - Sinéad Silva

Tuilleadh ó Mhuintearas

Anseo gheobhaidh tú agallaimh, amhráin, agus scéalta a rinne ár gcairde.

SEÁN Ó COISTEALBHA AGUS MICHAEL GIBBONS

Tháinig Séamus Ó Céidigh as an bPáirc, trasna ar an suíomh seo tar éis stoirme le deireanas. Chuir sé fios ar Sheán Ó Coistealbha agus tar éis staidéir a dhéanamh ar an suíomh, chuir Seán Ó Coistealbha fios ar an seandálaí Michael Gibbons. Tá spéis anois léirithe ag an Aonad Seandálaíochta Mara tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ar an suíomh tar éis cuairt a thug Karl Brady ar an láthair. Seo agallamh a rinne Seán le Michael.




PADDY FITZ

Ag cuimhniú ar ár gcara mór Paddy Fitz, Fear an Hata, as Rinn Mhaoile, laoch ar lár. Scanadh nó cliceáil ar an gcód QR chun an físeán de Paddy Fitz ag canadh a oscailt.

SEÁN AGUS AN SAGART

Scéalta na gCúntóirí Teanga, seo scéal 'Seán agus an Sagart' faighte ó Bhailiúchán na Scol (Dúchas.ie) agus é dhá aithris ag duine dena Cúntóirí, Áine Ní Choncheanainn. Tá Scéim na gCúntóirí Teanga maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.





Píosa Staire

TÉACS AGUS GRIANGHRAIF Ó MICHAEL GIBBONS

Tá Conamara mar cheann de na ceantair is scoite amach is fearr a mhaireann san Eoraip inniu, agus tá sé ag seasamh an fhóid fós ó thaobh saibhreas an tírdhreacha agus an chultúir thraidisiúnta. Tá an stair a bhaineann leis an tírdhreach seo ársa agus go deimihin thóg sé breis agus 750 milliún bliain chun theacht chun cinn. Tá geolaíocht na háite ar cheann de na cinn is casta agus is suimiúla san Eoraip. Rinne sraith oighearshruthanna múnlu ar an tírdhreach seo agus níor tháinig deireadh leis an tréimhse fhuar seo, nuair a bhí oighearshruth ar bharr na sléibhte, go dtí dhá mhíle dhéag bliain ó shin. Nuair a leá na leac oighir ar deireadh, ní raibh sé i bhfad gur tháinig flór agus fána isteach agus ansin ár ndóigh tháinig daoine ar an láthair. Ar dtús tháinig roinnt grúpaí beaga a bhíodh ag fiach. Lean siad ainmhithe mar éisc agus héanlaithe ar fud na ngleannta, na haibhneacha agus le cósta. Níor fhág an dream seo mórán ina ndiaidh ach amháin déantúsáin áirithe agus suíomhanna muilté (láthair bruscair) atá coitianta in aice an chósta ag Oileán Iomaí go háirithe. Ba iad na hoileáin le cósta an iarthair na daingne deireanacha a thit le linn Chogaí Chromail. Nuair a gabhadh iad, tógadh dúnta réaltchruthach ar Oileáin Inis Bó Finne, Coinín agus Dairbhre. Déanadh díshealbhú ar na tiarnaí Gaelacha, a bhí scriosta ag na cogáí a tharla sna 1650í, agus theith siad chun na Fraince. Ach ansin tháinig úinéirí talún nua isteach ina n-áit, polasaí nua a bhí anseo a thug Cromwell isteach agus ar a tugadh “Go hIfreann nó go Connacht ” air.

Thóg Michell Henry Mainistir na Coille Móire in 1867 tar éis an ghorta, agus ansin thóg an Ord Beinidicteach ar lámh é agus bhí sé in úsáid mar mheánscoil do chailíní go dtí 2010.

Léigh an t-alt iomlán ag: <https://walkingireland.com/connemara/>



Podchraoltaí:

Naoi Míle Bliain ar Bhealach an Atlantaigh.

Tá an tsraith, ar Connemara Community Radio, á chur i láthair ag Michael Moylan, seandálaí allamuigh. Is é Michael Gibbons, seandálaí bunaithe i gConamara, a chuireann go sainiúil leis an gclár.

Éist le podchraoladh Michael [anseo](#).

FOCLÓIR FARRAIGE

Stadhan:

*Slua éin a bheadh ag
eitilt os cionn báire éisc*

SEANFHOCAL NA MÍOSA:

*Níl taoille dá
mhéid nach
dtránn*

Is bealach an-deas é seo le rá gur cuma cé comh dona is atá rud éigin, ní mhairfidh sé i bhfad. Is saghas faoiseamh é do éinne a bhfuil in ísle brí.



CÚINNE NA BPÁISTÍ



IRIS SEO!

Tá an iris Seo! lán de rudaí spráíúla do leanaí, mar shampla, dathú, meitseáil, tarraingt, scéalta agus go leor eile a fheiceáil. Is féidir leat é a íoslódáil [anseo](#) agus é a phriontáil amach agus beidh iris saor in aisce agat.



Is é ainm mo ollphéist ná _____

Is maith le mo ollphéist _____ a ithe.

Is é sárchumhacht mo ollphéist ná _____

DATHÚ ISTEACH

Is féidir leat an teimpléad seo a phriontáil do do pháiste ionas go mbeidh an-spraoi acu ag cruthú agus ag dathú a n-ollphéist féin. Is féidir leat é a íoslódáil [anseo](#).